DÁN- UAIREANTA, LE BRIONY NÍ MHUIREAGÁIN.

Uaireanta,
Nuair a bhim i mo chodhladh go sámh,
Tarlaíonn sé.

Ceapaim gur
Rud beag craiceáilte,
Rud beag ait, ach
Rud beag iontach é.

Uaireanta,
Ó am go ham,
Nuair a bhím ag siúl síos an bhothair I m'aonar,
Tarlaíonn sé.

Ceapaim gur
Rud beag annamh,
Rud beag suimiúil, agus
Rud beag nadúrtha é.

Uaireanta,
Uairv amháin gach cúpla seachtaine,
Nuair a bhím ag caint le mo chara,
Tarlaíonn sé.

Ceapaim gur
Rud beag alainn e,
Rud beag compordach agus rud beag an laidir ar fad e,
Nuair a thosaím ag smaoineamh
As Gaeilge.